# ROGHNÚ BALL FOIRNE SEALADACH
## D'ARD-STIÚRTHÓIREACHT UM BEARTAS COMHARSANACHTA AGUS CAIBIDLÍOCHT MAIDIR LE MÉADÚ
## AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

---

Tá próiseas roghnúcháin á eagrú ag an gCoimisiún Eorpach chun liosta inniúlachta de bheirt iarrthóirí ar éirigh leo chun riarthóir amháin a earcú ar leibhéal AD 5 laistigh den Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (AD NEAR) i réimse na Comharsanachta, an chlaochlaithe eacnamaíoch agus an chaidrimh le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus na mbeartas a bhaineann leis na Romaigh.

### 1. DUALGAIS AN PHOIST

Tá iarrthóirí ag teastáil don phróifíl seo:

> Oifigigh bheartais i réimsí Chomhpháirtíocht an Oirthir agus an chaidrimh le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus na saincheisteanna eacnamaíocha;

Na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, glacfaidh siad páirt in obair AS NEAR sna réimsí seo a leanas:

- Comhpháirtíocht an Oirthir
- An caidreamh le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta
- An claochlú eacnamaíoch
- Beartais a bhaineann leis na Romaigh

Is féidir achoimre a dhéanamh ar an obair mar seo a leanas:

- Comhairle agus cúnamh a thabhairt i leith cúrsaí beartais a bhaineann le beartais phunainne na hArd-Stiúrthóireachta (Comhpháirtíocht an Oirthir, an caidreamh le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta, beartais a bhaineann leis na Romaigh agus saincheisteanna eacnamaíocha); beartais – ceapadh agus forbairt beartas

- Cumarsáid (doiciméid eolais, preaseisiúintí, óráidí) ar na beartais thuasluaite a bheidh le déanamh ar ardleibhéal in institiúidí an Aontais Eorpaigh nó a bheidh le cur faoi bhráid geallsealbhóirí seachtracha.

Féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na cúraimí atá ar an liosta thíos a bheith ar fheidhmeanna agus ar dhualgais na réimsí sin. Glactar leis gur féidir forluí a bheith ann idir na feidhmeanna agus na dualgais a bhaineann leis na réimsí sin:

- feidhmeanna agus dualgais chomhairliúcháin agus comhordaithe beartais: a) cuidiú a thabhairt cuspóirí straitéiseacha a shainiú agus comhairle agus eolas a thabhairt maidir le comhaid ar leith a bhaineann le réimsí na mbeartas maidir leis an gComharsanacht Eorpach agus, go háirithe, maidir le sineirgí a chothú idir na réimsí sin chun sochaithe cuimsitheacha a chur chun cinn; b) obair bheartais a dhéantar sna heintitis éagsúla atá in NEAR a chomhordú; c) féachaint chuige go bhfeidhmeoidh an obair leantach a dhéanann AS NEAR ar son institiúidí eile de chuid an Aontais go rianúil; d) páirt a ghlacadh i scaoileadh inmheánach agus seachtrach forbairtí i réimsí Chomhpháirtíocht an Oirthir agus an chaidrimh le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus na saincheisteanna eacnamaíocha; d) an caidreamh idir foireann AS NEAR agus comhlachtaí comhairleacha náisiúnta nó idirnáisiúnta a éascú; e) fanacht bord ar bhord leis an aimsir i dtaca le beartais maidir leis an gcomharsanacht agus le méadú sna Ballstáit agus i dtaca le torthaí ábhartha taighde ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, chun a chinntiú go gcuirfidh AS NEAR san áireamh iad agus beartais á bhforbairt aige laistigh den Choimisiún Eorpach;

- feidhmeanna agus dualgais ghinearálta: a) féachaint chuige go ndéanfar idirchaidreamh éifeachtach idir AS NEAR agus institiúidí eile agus institiúidí ábhartha na mBallstát, agus le hArd-Stiúrthóireachtaí eile, agus ionadaíocht a dhéanamh ar AS NEAR i gcruinnithe ábhartha; b) doiciméid bheartais nó dlí, nó tionscadail a bhaineann leis na beartais chomharsanachta a ullmhú agus ábhar a chur leo; c) gníomhaíochtaí na hArd-Stiúrthóireachta sna réimsí beartais a sannadh di a chur faoi bhráid na mBallstát, tríú páirtithe agus an phobail i gcoitinne trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhdhálacha, seimineáir, ceardlanna, etc.; d) seisiúin eolais, óráidí agus nótaí cainte ar shaincheisteanna beartais a dhréachtú
- N.B. Is féidir go mbeidh ort, mar chuid de dhualgais an phoist, dul ar mhisin go minic go Ballstáit agus go tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach i dteannta lucht bainistíochta sinsearaí AS NEAR.

**2. CINEÁL AGUS FAD AN CHONARTHA**

D'fhéadfadh sé go dtairgfí don iarrthóir/do na hiarrthóirí a n-éireoidh leis/leo conradh sealadach faoi phointe (a) d'Airteagal 2 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh[1] i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid[2].

Ní fhéadfaidh fad an chonartha a bheith níos mó ná ceithre bliana, agus féadfar dhá bhliain ar a mhéad a chur leis.

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501

[2] http://ec.europa.eu/transparency/regdoc/index.cfm?fuseaction=list&coteId=3&year=2013&number=9049&language=ga

Agus fad iomlán an chonartha á chinneadh, cuirfear san áireamh forálacha ábhartha an Chinnidh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir leis an uasfhad is féidir foireann neamhbhuan a úsáid (seacht mbliana in achar dhá bhliain déag).[3]

**AN ÁIT FOSTAÍOCHTA** An Bhruiséil
**LEIBHÉAL** AD 5 (mar threoir gharbh, is é EUR 4,707.34 an buntuarastal tosaigh míosúil)[4]

**3. INCHÁILITHEACHT AGUS ROGHNÚ**

**3.1. Coinníollacha Ginearálta**

Ní mór d'iarrthóirí na riachtanais a leagtar amach in Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, iad seo ina measc:

– iad a bheith ina saoránaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach;

– aon oibleagáid i dtaca le seirbhís mhíleata atá orthu de réir an dlí náisiúnta a chomhlíonadh;

– na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh.

Cuireann institiúidí an Aontais Eorpaigh beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann siad le hiarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach.

**3.2. Eolas ar theangacha**

Leagtar síos in Airteagal 12.2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh nach bhféadfar oifigeach a cheapadh mura gcuire sé fianaise ar fáil go bhfuil eolas cuimsitheach aige ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais agus eolas sásúil ar theanga eile de na teangacha sin.

Ní mór eolas a bheith agat, dá bhrí sin, ar dhá cheann ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, leibhéal C1 (eolas cuimsitheach) ar a laghad i gceann acu agus leibhéal B2 (eolas sásúil) ar a laghad sa cheann eile de na teangacha sin.

Tabhair do d'aire nach mór na híosleibhéil thuasluaite a bheith agat i dtaca le gach inniúlacht teanga (labhairt, scríobh, léamh agus éisteacht) atá iarrtha san fhoirm iarratais. Tá na hinniúlachtaí sin

---

3 http://ec.europa.eu/transparency/regdoc/index.cfm?fuseaction=list&coteId=3&year=2013&number=9028&language=ga

4 http://ec.europa.eu/transparency/regdoc/index.cfm?fuseaction=list&n=10&adv=0&coteId=3&year=2013&number=8970&dateFrom=&dateTo=&serviceId=&documentType=&title=&titleLanguage=&titleSearch=EXACT&sortBy=NUMBER&sortOrder=DESC

leagtha amach i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr).

San fhógra comórtais seo is mar seo a thagraítear do na teangacha:

– Teanga 1: an teanga ina scríobhfar an litir inspreagtha. is féidir an teanga seo a úsáid chun an fhoirm iarratais a líonadh isteach freisin; is féidir an teanga sin a bheith ar aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

– Teanga 2: an teanga ina ndéanfar an t-agallamh agus an teanga chumarsáide idir rúnaíocht an choiste roghnúcháin agus na hiarrthóirí; **ní mór an Béarla nó an Fhraincis a roghnú mar Theanga 2**.

An teanga a roghnóidh tú mar theanga 1, ní féidir í a roghnú mar theanga 2 freisin

Tá tuilleadh eolais i dTeideal 4 faoi úsáid theangacha sa phróiseas roghnúcháin seo.

**3.3. Critéir a bhaineann go sonrach leis an bpróiseas roghnúcháin**

**3.3 1. Dioplómaí**

Faoin sprioc-am le hiarratais a dhéanamh, ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag an iarrthóir:

leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i réimse ábhartha amhail caidreamh idirnáisiúnta, socheolaíocht, an léann Eorpach, cumarsáid, staidreamh, anailísiú sonraí agus réimsí nach iad nuair is 4 bliana nó níos mó an fad is gnách a bheith i gcúrsa ollscoile.

Nó

leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i réimse ábhartha amhail caidreamh idirnáisiúnta, socheolaíocht, an léann Eorpach, cumarsáid, staidreamh, agus réimsí nach iad, maille le taithí oibre chuí aon bhliain amháin ar a laghad nuair is 3 bliana ar a laghad an fad is gnách a bheith i gcúrsa ollscoile. Measfar gur cuid den dioplóma an taithí oibre sin agus ní áireofar í ar na blianta taithí oibre a iarrtar.

Ní ghlacfar ach le dioplómaí a bronnadh i mBallstát den Aontas Eorpach nó le dioplómaí a bhfuil teastais chomhluacha ag gabháil leo a d'eisigh na húdaráis i gceann de na Ballstáit sin.

**3.3 2. Taithí**

Faoin sprioc-am le hiarratais a dhéanamh, agus chomh maith leis na cáilíochtaí thuasluaite a iarrtar, ní mór taithí oibre lánaimseartha **4 bliana ar a laghad a bheith ag na hiarrthóirí, taithí a fuair siad i réimsí Chomharsanacht an Oirthir agus an chomhair le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus na mbeartas a bhaineann leis na Romaigh agus a fuair siad i ndiaidh dóibh an dioplóma is gá le cur isteach ar an bpróiseas roghnúcháin a bhaint amach**.

Is inghlactha taithí oibre in eagraíochtaí agus/nó comhlachtaí idirnáisiúnta, in institiúidí agus/nó gníomhaireachtaí AE, in údaráis náisiúnta agus/nó réigiúnacha, sa saol acadúil, in institiúidí taighde, earnáil na tionsclaíochta, in eagraíochtaí neamhrialtasacha nó le linn féinfhostaíochta agus ní chuirfear san áireamh í ach amháin más rud é:

– gur fíorobair éifeachtach a bhí inti,

– gur obair ar íocaíocht a bhí inti,

– go raibh caidreamh íochtaránachta nó soláthar seirbhíse i gceist léi, agus

– go raibh sí faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- tréimhsí oiliúna: más obair ar íocaíocht a bhí inti,
- seirbhís mhíleata éigeantach: is cuma cé acu sular baineadh an dioplóma amach nó ina dhiaidh sin a rinneadh an tseirbhís mhíleata, agus ní chuirfear san áireamh tréimhse seirbhíse níos faide ná an tréimhse atá leagtha síos i ndlí an Bhallstáit i gceist,
- saoire mháithreachais/atharthachta/altramais: má bhí an tsaoire leagtha síos sa chonradh fostaíochta,
- dochtúireacht: 3 bliana ar a mhéad a chuirfear san áireamh, ar choinníoll gur baineadh amach an dochtúireacht, agus is cuma cé acu obair ar íocaíocht nó obair gan íocaíocht a bhí sa dochtúireacht, agus
- obair pháirtaimseartha: is ar bhonn *pro rata* a ríomhfar obair pháirtaimseartha, ar bhonn an lín uaireanta an chloig a oibríodh, e.g. mheasfaí gur 3 mhí oibre ab ea obair leath-ama a mhair 6 mhí.

## 4. GNÉITHE TEANGA AN PHRÓISIS ROGHNÚCHÁIN SEO

Iarrtar ar na hiarrthóirí a shonrú san fhoirm iarratais cé na teangacha is mian leo a roghnú mar Theanga 1 agus mar Theanga 2. Féach nach gá do mháthairtheanga a roghnú mar Theanga 1 ná mar Theanga 2, ar choinníoll go gcomhlíonann tú na riachtanais eolais atá leagtha amach sa dara mír de Theideal 3.2.

Is féidir an fhoirm iarratais a líonadh isteach in aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh. **Tabhair do d'aire go mbeidh an coiste roghnúcháin (le linn an phróisis roghnúcháin) agus seirbhísí acmhainní daonna institiúidí an Choimisiúin Eorpaigh (i gcás earcú iarrthóirí ar éirigh leo) ag rochtain na foirme iarratais ina hiomláine, agus gur líon teoranta teangacha na teangacha cumarsáide atá acu sin.**

Má éiríonn an próiseas roghnúcháin leat agus má chuirtear ar an liosta inniúlachta thú, iarrfar ort aistriúchán ar an bhfoirm iarratais go teanga 2 (Béarla nó Fraincis) a sholáthar do na seirbhísí earcaíochta má líon tú isteach an fhoirm iarratais i dteanga nach ceann de na teangacha sin í.

Is gá an litir inspreagtha a bheith i dTeanga 1.

***Ní mór an Béarla nó an Fhraincis a roghnú mar Theanga 2***

Ar mhaithe leis an tseirbhís, aon iarrthóir a n-éireoidh leis, ní féidir é a earcú sna réimsí áirithe seo gan eolas sásúil (is é sin leibhéal B2 ar a laghad) a bheith aige ar an mBéarla agus ar an bhFraincis. Siúd agus go bhféadfadh eolas ar theangacha eile a bheith ina bhuntáiste is i mBéarla nó i bhFraincis a dhéanfaidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo bunús a gcuid oibre (cumarsáid inmheánach, cumarsáid le geallsealbhóirí seachtracha, dréachtú doiciméad eolais, óráidí, preaseisiúintí). Dá bhrí sin, a fhad a bhaineann le cuid oibre AS NEAR, tá gá le heolas sásúil ar cheann de na teangacha sin.

Is é an Béarla an teanga is mó úsáid sna cruinnithe agus sa chumarsáid le páirtithe leasmhara seachtracha, teagmháil leis na Ballstáit san áireamh (ullmhú na ndoiciméad beartais atá le cur faoi bhráid na Comhairle agus institiúidí eile, go háirithe i réimsí Chomharsanacht an Oirthir agus an chomhair le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus na mbeartas a bhaineann leis na Romaigh). Ina theannta sin, is é an Béarla an teanga is gnách a úsáidtear i bhfóraim idirnáisiúnta éagsúla, in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus ag comhdhálacha idirnáisiúnta. Is gá eolas ar an bhFraincis chun críocha na cumarsáide inmheánaí, mar is í an Fhraincis, mar aon leis an mBéarla, an dara teanga is mó úsáid in AS NEAR.

## 5. AN PRÓISÉAS ROGHNÚCHÁIN

### 5.1 Seiceálacha incháilitheachta

Déanfar na coinníollacha incháilitheachta atá leagtha síos i dTeideal 3 "Incháilitheacht agus roghnú" thuas a sheiceáil i gcomparáid leis na sonraí a thug na hiarrthóirí ina n-iarratas ar líne. Seiceálfaidh an coiste roghnúcháin an gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta ar fad. Ní thabharfar cuireadh go céim an réamhroghnaithe ach do na hiarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta ar fad.

### 5.2. Réamhroghnú

Déanfaidh an coiste roghnúcháin, arna chomhdhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 2(c) den Chinneadh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid, agus, más gá, scrúdaitheoir amháin nó níos mó de chúnamh aige mar chomhairleoir, déanfaidh sé réamhroghnú ar bhonn na gcáilíochtaí (féach 3.3.1) agus ar bhonn eolas na n-iarrthóirí ar theangacha (féach 3.2).

Chuige sin, tabharfaidh an coiste roghnúcháin do gach critéir an t-ualú seo a leanas, lena ndéanfar na hiarrthóirí a mheas:

| | |
|---|---|
| Cáilíochtaí | 20% |
| Teangacha | 20% |
| Taithí | 60% |

### 5.3. Roghnú

Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí ar éirigh leo ag  an gcéim réamhroghnúcháin chuig an agallamh i dTeanga 2, chun measúnú oibiachtúil neamhchlaonta a dhéanamh ar a gcuid cáilíochtaí, ar a gcuid taithí oibre i gceann de réimsí an chomórtais, agus ar a gcuid eolais ar theangacha, i gcomhréir lena bhfuil leagtha amach san fhógra roghnúcháin seo;

Is do 10 n-iarrthóir ar a mhéad a thabharfaidh an Coiste Roghnúcháin cuireadh chuig an agallamh.

Féadfar iarrthóirí a chur faoi agallamh le fís-chomhdháil.

### 5.4. Liosta inniúlachta na n-iarrthóirí ar éirigh leo

Beidh an liosta inniúlachta d'iarrthóirí ar éirigh leo bailí go ceann dhá bhliain ón dáta a thiomsóidh an coiste roghnúcháin é. Féadfar síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an liosta.

## 6. IARRATAS A CHUR ISTEACH

Ní mór do na hiarrthóirí na doiciméid seo a leanas a thabhairt sa chomhad iarratais:

– an fhoirm iarratais agus í líonta isteach i gceart

– an litir inspreagtha, i dTeanga 1;

– cóip de dhoiciméad oifigiúil a chruthaíonn saoránacht an iarrthóra (cárta aitheantais nó pas), sa bhunteanga;

– cóip den dioplóma/de na dioplómaí nó den teastas/de na teastais a chruthaíonn go bhfuil an leibhéal oideachais acu a theastaíonn, sa bhunteanga;

– teastais fostaíochta a chruthaíonn fad na taithí oibre, más ann di. Sna doiciméid sin ní mór dáta tosaigh, dáta deiridh agus fad gach ceann de na tréimhsí taithí oibre atá an t-iarrthóir ag iarraidh a chur san áireamh don phróiseas roghnúcháin seo, ní mór sin a bheith luaite go soiléir. Chuige sin, is é is fearr, na hiarrthóirí teastais fostaíochta óna n-iarfhostóirí agus óna bhfostóir reatha a chur ar fáil. Ina éagmais sin, glacfar le cóipeanna de chineálacha eile doiciméid, e.g.: conarthaí fostaíochta maille leis an gcéad duillín pá agus an duillín pá deiridh agus duillín pá na míosa deiridh de gach bliain eile i gcás conradh a mhair níos mó ná bliain, litreacha oifigiúla nó doiciméid cheapacháin maille leis an duillín pá deiridh, taifid fostaíochta, dearbhuithe cánach, sa bhunteanga.

**Ní ghlacfar an t-iarratas go críochnaitheach go dtí go gcuirfear ar fáil na doiciméid tacaíochta a iarrtar. Mura bhfaighfear na doiciméid sin faoin sprioc-am a shonraítear, measfar an t-iarratas a bheith ar neamhní.**

Má tá aon amhras ar na hiarrthóirí faoi chineál nó faoi bhailíocht na ndoiciméad atá le cur ar fáil, ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le rúnaí an bhoird roghnúcháin deich lá oibre ar a laghad roimh an sprioc-am, tríd an mbosca ríomhphoist feidhmiúil ag an seoladh ríomhphoist seo:

HR-AMC-J30-NEAR-TA-SELECTION@ec.europa.eu

**Ba cheart d'iarrthóirí an bosca ríomhphoist feidhmiúil sin a úsáid i gcónaí le haghaidh gach comhfhreagrais leis an gcoiste roghnúcháin agus le haghaidh gach iarratais ar fhaisnéis.**

Is é meán lae (am na Bruiséile) an 9 Meán Fómhair 2019 an sprioc-am le hiarratas a dhéanamh

**7. EOLAS BREISE**

Tá an fógra próisis roghnúcháin seo foilsithe in 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar shuíomh gréasáin AS NEAR agus ar shuíomh gréasáin EPSO. Is trí ríomhphost amháin a dhéanfar gach cumarsáid dhíreach idir na hiarrthóirí agus seirbhísí an Choimisiúin. Dá bhrí sin, ionas go bhféadfaidh seirbhísí an Choimisiúin dul i dteagmháil leis na hiarrthóirí, ní mór do gach iarrthóir seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt is féidir a úsáid ó thús deireadh an phróisis roghnúcháin. De bhrí go bhfuil sé riachtanach eolas ar an bhFraincis nó ar an mBéarla a bheith ag na hiarrthóirí, dealraíonn sé réasúnta agus comhréireach, d'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir inniúlachtaí na n-iarrthóirí agus acmhainní an chórais riaracháin, éileamh ar na hiarrthóirí ceann den dá theanga sin a roghnú agus a úsáid agus iad ag déanamh cumarsáide le lucht riaracháin.

## 8. IARRAIDH AR ATHBHREITHNIÚ – NÓS IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁN A CHUR FAOI BHRÁID AN OMBUDSMAN EORPAIGH

Ós rud é go mbíonn feidhm ag na Rialacháin Foirne ag gach céim den phróiseas roghnúcháin, ní foláir a thabhairt do d'aire go gcumhdaítear imeachtaí uile an choiste roghnúcháin faoin gclásal rúndachta a leagtar síos in Iarscríbhinn III de na Rialacháin Foirne. Má bhraitheann tú ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin go ndearna cinneadh ar leith dochar do do leas, is féidir leat duit i muinín na gníomhaíochta seo thíos:

- **Iarraidh ar athbhreithniú**

Is féidir ríomhphost a chur chuig an seoladh thíos laistigh de 10 lá féilire ón dáta a tugtar fógra faoin gcinneadh: **HR-AMCJ30-NEAR-TA-SELECTION@ec.europa.eu**

Cuirfear d'iarraidh ar aghaidh chuig Cathaoirleach an choiste roghnúcháin, agus tabharfar freagra ort gan mhoill.

- **Achomharc**

Is féidir leat gearán a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh. Ba cheart aon chóip amháin den ghearán a sheoladh ar aon cheann amháin de na bealaí seo a leanas:

- le ríomhphost, i bhfoirm PDF más féidir é, chuig bosca litreach feidhmiúil HR MAIL E2 (HR-MAIL-E2@ec.europa.eu ), nó
- tríd an bpost chuig an seoladh oifige seo: Oifig an Choimisiúin Eorpaigh SC11 4/001 B-1049 Bruxelles nó
- trína tabhairt isteach ag an oifig SC11 4/001 (rue de la Science 11, oifig 4/001) idir 9.00 agus 12.00 agus idir 14.00 agus 17.00.

An teorainn ama trí mhí atá ann chun an cineál gníomhaíochta sin a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20160101&from=FR), cuirtear tús leis an tréimhse sin a luaithe agus a thugtar fógra duit faoin gcinneadh a líomhnaítear a bheith ag déanamh dochair do do leas.

Tabhair do d'aire nach bhfuil sé de chumhacht ag an údarás ceapacháin cinntí coiste roghnúcháin a leasú. Is é cinneadh seasta na Cúirte nach bhfuil an discréid leathan atá ag na coistí roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt, ach amháin más léir gur sáraíodh rialacha lena rialaítear imeachtaí coistí roghnúcháin.

- **Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh**

Dála shaoránaigh uile an Aontais Eorpaigh, féadfaidh tú gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh:

An tOmbudsman Eorpach, 1 avenue du Président Robert Schuman CS 30403 F - 67001 Strasbourg Cedex https://www.ombudsman.europa.eu/media/en/default.htm

Tabhair do d'aire nach mbeidh aon éifeacht fionraí ag gearáin a chuirtear faoi bhráid an Ombudsman ar an tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin nó achomhairc a dhéanamh.

Tabhair do d'aire freisin nach mór, faoi Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta a rialaíonn feidhmiú dhualgais an Ombudsman, dul i dteagmháil ar na dóigheanna cuí leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann sula gcuirfidh tú aon ghearán faoi bhráid an Ombudsman (maidir le conas sin a dhéanamh, féach https://www.ombudsman.europa.eu/ga/atyourservice/secured/complaintform.faces

## 9. EOLAS FAOIN DÓIGH A gCOSNAÍTEAR SONRAÍ PEARSANTA A THUGTAR LE LINN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN DO FHOIREANN SHEALADACH

Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, go háirithe Airteagal 7 agus Airteagal 9 de, a phróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí.